# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2231 ÓN gCOMHAIRLE

**an 14 Samhain 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

(2) An 25 Meán Fómhair 2022, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dearbhú thar ceann an Aontais inar cáineadh úsáid fhorleathan agus dhíréireach fornirt ag fórsaí slándála na hIaráine ina gcoinne siúd a bhí páirteach san agóidíocht neamhfhoiréigneach, as ar eascair líon mór básanna agus gortuithe as úsáid an fhórsa sin. Sonraíodh freisin sa dearbhú nach mór iad siúd atá freagrach as Mahsa Amini a mharú a thabhairt chun cuntais, agus iarradh ar údaráis na hIaráine imscrúduithe trédhearcacha inchreidte a áirithiú chun líon na ndaoine a fuair bás agus a gabhadh a shoiléiriú, gach duine a bhí páirteach san agóidíocht neamhfhoréigneach a scaoileadh saor agus próis chuí a chur ar fáil do gach duine atá á choinneáil. Ina theannta sin, cuirtear i bhfios go láidir sa dearbhú, i ndáil leis an gcinneadh a rinne an Iaráin srian mór a chur ar rochtain ar an idirlíon agus ardáin teachtaireachtaí meandracha a bhlocáil, gur sárú follasach atá ann ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Ar deireadh, luaitear sa dearbhú go ndéanfadh an tAontas machnamh ar na roghanna uile atá ar fáil dó chun aghaidh a thabhairt ar mharú Mahsa Amini agus ar an gcaoi ar fhreagair fórsaí slándála na hIaráine do na léirsithe ina dhiaidh sin.

(3) Sa chomhthéacs sin, agus i gcomhréir le gealltanas an Aontais aghaidh a thabhairt ar gach saincheist imní a bhaineann leis an Iaráin, lena n-áirítear staid chearta an duine, ba cheart 28 nduine agus 3 eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Samhain 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011:

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| “108. | ABNOUSH Salar<br>سالار آبنوش | Dáta breithe: 2.5.1962<br>Áit bhreithe: Hamedan, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Leas-Cheannasaí an Basij Resistance Force | Is é Salar Abnoush Leas-Cheannasaí an Basij Resistance Force (liostaithe ag an Aontas).<br>Is eagraíocht pharaimíleata dheonach é an Basij atá ag feidhmiú faoin Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) le brainsí ar fud na hIaráine. Tá sé de chúram ar IRGC tacaíocht an phobail a threorú do réimeas na hIaráine.<br>Tá clú agus cáil ar an Basij as saorálaithe a earcú, ar leanaí sna déaga iad go leor acu, agus as ionsaithe toinne daonna le linn an chogaidh idir an Iaráin agus an Iaráic. Tar éis thoghcháin uachtaránachta chonspóidte na hIaráine in 2009, chuir an Basij agóidí ar neamhní go brúidiúil agus rinne siad ionsaí ar shuanliosanna mac léinn. Tá dhá mhisean ag an Basij: oiliúint mhíleata chosantach a sholáthar chun an réimeas a chosaint ar ionradh eachtrach, agus gníomhaíocht intíre i gcoinne an réimis a chur faoi chois trí fhoréigean sráide agus imeaglú.<br>Tá an Basij ar cheann de na fórsaí a d’ordaigh an rialtas agóidí Mheán Fómhair/Deireadh Fómhair 2022 a chur faoi chois. Gortaíodh agus maraíodh roinnt agóideoirí. Léiríonn foinsí go ndearna baill an Basij faoi cheannas Salar Abnoush sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 109. | REZAEI Qasem (dá ngairtear freisin REZAEI Ghasem)<br>رضایی قاسم | Dáta breithe: 27.9.1961<br>Áit bhreithe: Abhar, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir cárta aitheantais náisiúnta: D10005996 (an Iaráin)<br>Feidhm: Leas-Cheannasaí Law Enforcement Forces of the Islamic Republic of Iran (LEF) | Is é Qasem Rezaei Leas-Cheannasaí Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine.<br>Rinne sé maoirseacht dhíreach ar ghníomhartha foréigin in aghaidh cimithe, lena n-áirítear céasadh agus bualadh. Thug sé údar le gníomhaíochtaí na bhfórsaí slándála tar éis dóibh forneart a úsáid go marfach i gcoinne agóideoirí san Iaráin agus d’iarr sé go leanfaí den fhoréigean i gcoinne agóideoirí i mí na Bealtaine 2022.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 110. | AMANOLLAHI Manouchehr (dá ngairtear freisin AMANOLLAHI BAHARVAND Manouchehr)<br>منوچهر امن اللهي | Dáta breithe: Mí an Mhárta 1965 nó 1966<br>Áit bhreithe: Khorramabad, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Ceannasaí Law Enforcement Forces of the Islamic Republic of Iran (LEF) i gcúige Chaharmahal agus Bakhtiari | Is é Manouchehr Amanollahi Ceannasaí Law Enforcement Forces of the Islamic Republic of Iran (LEF), atá liostaithe ag an Aontas Eorpach, i gcúige Chaharmahal agus Bakhtiari.<br>Le linn a théarma oifige, chuir an LEF deireadh le hagóidí sa chúige in 2021 mar fhreagairt ar easpa uisce agus in 2022 mar fhreagairt ar chiondáil bia. D'úsáid aonaid LEF faoi cheannas Amanollahi armlón beo i gcoinne agóideoirí agus na hagóidí á gcur faoi chois acu, tháinig básanna iomadúla as an gcur faoi chois sin. Mar chomhairleoir do cheannaireacht LEF, bhí baint ag Amanollahi freisin le freagra LEF ar agóidí ar fud na tíre i mí na Samhna 2019, a raibh bás na gcéadta agóideoirí mar thoradh air.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 111. | HEIDARI Kiyumars (dá ngairtear freisin HEYDARI Kioumars, HEYDARI Amir Kyomarth)<br>حیدری کیومرث | Dáta breithe: 1964<br>Áit bhreithe: Kermanshah, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí an Iranian Army Ground Forces | Is é an Briogáidire-Ghinearál Kiyumars Heidari Ceannasaí Ground Forces den Iranian Army agus tuairiscíonn sé go díreach don Cheannaire Uachtarach den Islamic Republic of Iran.<br>D'admhaigh sé go poiblí go raibh baint aige agus ag a fhórsa leis an bhfreagairt fhoréigneach ar agóidí mhí na Samhna 2019, rud ba chúis le bás na gcéadta agóideoirí. Tá cur síos cuimsitheach déanta cheana féin ar na sáruithe follasacha tromchúiseacha ar chearta an duine atá déanta ag na fórsaí, amhail lámhach neamh-idirdhealaitheach agóideoirí síochánta le harmlón beo, lena n-áirítear leanaí, ó cuireadh tús i lár mhí Mheán Fómhair 2022 le hagóidí a bhain le bás Mahsa Amini. Fuair os cionn 70 agóideoir bás agus gortaíodh na céadta go dona. Bhí baint ag na Army Ground Forces, atá faoi smacht Heidari, leis na hagóidí a chur faoi chois agus maraíodh duine amháin ar a laghad. Dúirt Heidari féin gur úsáideadh a chuid fórsaí chun déileáil le hagóidí 2022.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 112. | MAJID Vahid Mohammad Naser<br>وحید مجید | Dáta breithe: 15.8.1964<br>Áit bhreithe: Isfahan, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir cárta aitheantais náisiúnta: 3874409929 (an Iaráin)<br>Feidhm: Ceann Iranian Cyber Police | Tá Vahid Mohammad Naser Majid ina cheann ar an Iranian Cyber Police (liostaithe ag an Aontas).<br>Bíonn tionchar ag an Iranian Cyber Police ar an rochtain ar an idirlíon san Iaráin agus déanann siad daoine a ghabháil go treallach as réimeas na hIaráine a cháineadh ar líne. Tá an Cyber Police páirteach i sraith náisiúnta gabhálacha agus ionchúiseamh. Tacaíonn sé le réimeas na hIaráine ina fhreagairt fhoréigneach ar agóidí ar fud na tíre i gcoinne daoine a labhraíonn amach chun a gcearta dlisteanacha a chosaint.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar Cheann ar an Iranian Cyber Police, tá Vahid Mohammad Naser Majid freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 113. | NEJAT Hossein (dá ngairtear freisin ZIBAYINEJAD Mohammad-Hossein)<br>حسین نجات | Dáta breithe: 1955<br>Áit bhreithe: Shiraz, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Leas-Cheannasaí ar Sarallah (dá ngairtear freisin Tharullah, Thar-Allah, Tharallah, Tharallollah) | Is é an Briogáidire-Ghinearál Hossein Nejat an Leas-Cheannasaí ar Sarallah, struchtúr slándála tiomnaithe de chuid stát na hIaráine atá nasctha le IRGC agus bunaithe in Tehran, ón 21 Meitheamh 2020.<br>Tá Sarallah ríthábhachtach do shlándáil Tehran, toisc gurb í an cheanncheathrú atá freagrach as an gcaipiteal agus institiúidí rialtais a chosaint ar aon bhagairtí amhail *coups* nó agóidí i gcoinne an rialtais.<br>Tá sé de chúram ar thrúpaí Sarallah, faoi cheannasacht dhíreach Nejat, deireadh a chur le hagóidí i gcoinne an rialtais, an cur faoi chois foréigeanach ar agóidí síochánta in 2022 san áireamh.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 114. | MAROUFI Hossein<br>حسین معروفی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Ginearál<br>Feidhm: Leas-Cheann Slógtha Islamic Revolutionary Guards Corps (IRGC) i gcúige Sistan agus Baluchestan | Is é an Ginearál Sardar Hossein Maroufi Leas-Cheann Slógtha Islamic Revolutionary Guards Corps (IRGC) i gcúige Sistan agus Baluchestan. Dá réir sin, tá sé ina phríomhbhall de IRGC sa chúige sin.<br>Is sa chúige Sistan agus Baluchestan a chonacthas an chuid is foréigní den chniogbheartaíocht a rinne fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear fórsaí IRGC, le linn an rabharta agóide in 2022. An 30 Meán Fómhair 2022, ba i Zahedan, príomhchathair an chúige, a tharla an eachtra “Aoine na fola”, nuair a scaoil fórsaí slándála urchair ar agóid a bhí ag dul ar aghaidh ag am phaidir na hAoine. Meastar gur lámhachadh agus gur maraíodh 70 agóideoir ar a laghad. Ó shin i leith, leanadh den fhoréigean i gcoinne rannpháirtithe in agóidí ina dhiaidh sin.<br>Tá Sardar Hossein Maroufi ar dhuine de na daoine atá freagrach as foréigean IRGC i gcoinne agóideoirí sa chúige Sistan agus Baluchestan, go háirithe timpeall an ama a tharla “Aoine na fola”.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 115. | ABSALAN Parviz<br>آبسالان پرویز | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Ginearál<br>Feidhm: Leas-Cheann an IRGC i gcúige Sistan agus Baluchestan | Is é an Ginearál Parviz Absalan Leas-Cheann an IRGC i gcúige Sistan agus Baluchestan. Is gné lárnach d’fhórsaí slándála na hIaráine sa chúige sin é IRGC, áit a dtugtar “Salman army” air freisin.<br>Tá foréigean brúidiúil á dhéanamh ag na fórsaí slándála i gCúige Sistan agus Baluchestan, i gcoinne agóideoirí síochánta sa bhabhta agóidí i bhfómhar na bliana 2022, lena n-áirítear i gcoinne leanaí.<br>Mar Leas-Cheannan IRGC i gcúige Sistan agus Baluchestan, tá Parviz Absalan freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 116. | SHAFAHI Ahmad (dá ngairtear freisin SHAFAI Ahmad)<br>احمد شفاهی | Dáta breithe: 21.5.1968<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: ceannasaí agus oifigeach caidrimh phoiblí an IRGC i gCúige Sistan agus Baluchestan | Tá an Briogáidire-Ghinearál Ahmad Shafahi ina cheannasaí ar IRGC i gcúige Sistan agus Baluchestan, agus tá sé freagrach as an gcaidreamh poiblí. Is gné lárnach d'fhórsaí slándála na hIaráine sa chúige sin é IRGC, áit a dtugtar "Salman army" air freisin.<br>Tá foréigean brúidiúil á dhéanamh ag na fórsaí slándála i gcúige Sistan agus Baluchestan, i gcoinne agóideoirí síochánta sa bhabhta agóidí i bhfómhar na bliana 2022, lena n-áirítear i gcoinne leanaí.<br>Mar cheannasaí ar IRGC i gCúige Sistan agus Baluchestan, dá bhrí sin, tá Sardar Ahmed Shafahi freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 117. | KOCHZAEI Ebrahim (dá ngairtear freisin KOCHZAI Ebrahim, KOUCHAKZAEI Ebrahim)<br>کوچزایی ابراهیم | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: an ceann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcathair Chabahar i gcúige Sistan agus Baluchestan | Is é an Coirnéal Ebrahim Kochzaei an ceann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcathair Chabahar i gcúige Sistan agus Baluchestan.<br>Tá foréigean brúidiúil á dhéanamh ag na fórsaí slándála i gcúige Sistan agus Baluchestan, lena n-áirítear in Chabahar, i gcoinne agóideoirí síochánta sa bhabhta agóidí i bhfómhar na bliana 2022, lena n-áirítear i gcoinne leanaí.<br>Ainmníodh Kochzaei freisin mar dhéantóir éignithe cailín 15 bliana d'aois i mí Mheán Fómhair 2022, a bhí faoi choimeád póilíneachta in Chabahar.<br>Tá Ebrahim Kochzaei freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 118. | TAHERI Ahmad<br>طاهری احمد | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: an ceann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Sistan agus Baluchestan | Tá an Briogáidire-Ghinearál Ahmed Taheri ina cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Sistan agus Baluchestan na hIaráine.<br>Tá foréigean brúidiúil á dhéanamh ag na fórsaí slándála i gcúige Sistan agus Baluchestan, i gcoinne agóideoirí síochánta sa bhabhta agóidí i bhfómhar na bliana 2022, lena n-áirítear i gcoinne leanaí.<br>Agus é ina cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Sistan agus Baluchestan, tá Ahmed Taheri freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 119. | HOSSEINI Seyed Sadegh<br>سید صادق حسینی | Dáta breithe: 1963 nó 1964<br>Áit bhreithe: Dehloran, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Ginearál<br>Feidhm: an ceann ar IRGC i gcúige Kurdistan | Tá an Ginearál Seyed Sadegh Hosseini ina cheann ar an Islamic Revolutionary Guards Corps (IRGC) i gcúige Kurdistan.<br>Tá foréigean tromchúiseach déanta i gcúige Kurdistan ag fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear IRGC, i gcoinne rabharta agóide 2022. Thairis sin, baineann IRGC úsáid as cúige Kurdistan mar bhonn chun oibríochtaí míleata a sheoladh i gcoinne Kurdistan na hIaráice, agus fuair corradh le dáréag neamhchomhraiceoirí bás mar thoradh air sin.<br>Dá bhrí sin, tá Seyed Sadegh Hosseini ar dhuine de na daoine atá freagrach as foréigean IRGC i gcoinne agóideoirí i gcúige Kurdistan. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 120. | RAJABPOUR Sereng Hossein<br>رجبپور سرنگ حسین | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: ceannasaí fhórsa Beit al-Maqdis (IRGC in Kurdistan) i gcathair Sanandaj | Is é an Coirnéal Sereng Hossein Rajabpour an ceannasaí ar fhórsa Beit al-Maqdis (IRGC in Kurdistan) i gcathair Sanandaj i gcúige Kurdistan.<br>Tá foréigean tromchúiseach déanta i gcúige Kurdistan ag fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear IRGC, i gcoinne rabharta agóide 2022, go háirithe i gcathair Sanadaj.<br>Dá bhrí sin, tá Sereng Hossein Rajabpour ar dhuine de na daoine atá freagrach as an bhforéigean i gcoinne agóideoirí i gcúige Kurdistan. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 121. | ASL Gholamhossein Mohammadi<br>اصل غلامحسین محمدی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: an ceann ar IRGC i gcúige Ardabil | Tá Gholamhossein Mohammadi Asl ina cheann ar Islamic Revolutionary Guards Corps (IRGC) i gCúige Ardabil - cúige ina bhfuil mionlach eitneach Azeri.<br>Rinne fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear IRGC, sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i gcúige Ardabil le linn agóidí 2022. Tuairiscítear go ndearna fórsaí slándála cailín scoile ón Iaráin darb ainm Asra Panahi a bhatráil chun báis toisc gur dhiúltaigh sí amhrán an réimis a chanadh.<br>Tá Gholamhossein Mohammadi Asl, dá bhrí sin, freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 122. | ABDI Shakar<br>عبدی شکار | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: an leas-cheann ar IRGC i gcúige Ardabil | Tá an Coirnéal Shakar Abdi ina leas-cheann ar an Islamic Revolutionary Guards Corps (IRGC) i gcúige Ardabil – cúige ina bhfuil mionlach eitneach Azeri.<br>Rinne fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear IRGC, sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i gcúige Ardabil le linn agóidí 2022. Tuairiscítear go ndearna fórsaí slándála cailín scoile ón Iaráin darb ainm Asra Panahi a bhatráil chun báis toisc gur dhiúltaigh sí amhrán an réimis a chanadh.<br>Tá Shakar Abdi freagrach dá bhrí sin as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 123. | HASSANZADEH Hasan<br>حسنزاده حسن | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: an ceann ar IRGC i gcúige Ardabil | Tá an Briogáidire-Ghinearál Hasan Hassanzadeh ina cheann ar an Islamic Revolutionary Guards Corps (IRGC) i gcúige Tehran.<br>Rinne fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear IRGC, sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i gcúige Tehran le linn agóidí 2022.<br>Tá Hasan Hassanzadeh freagrach dá bhrí sin as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 124. | AGHAEI Morteza Mir (dá ngairtear freisin MIRAGHAEI Morteza)<br>آقایی مرتضا میر | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: an ceann ar an Basij i gcathair Sanandaj | Is é an Coirnéal Morteza Mir Aghaei an ceann ar an Basij i gcathair Sanandaj i gcúige Kurdistan.<br>Rinne fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear IRGC agus a Basij, sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine in Sanandaj le linn agóidí 2022.<br>Tá Morteza Mir Aghaei, dá bhrí sin, freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 125. | MOHAMMADIAN Abbas-Ali<br>محمدیان عباس-علی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: an ceann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Alborz (Karaj) | Tá Abbas-Ali Mohammadian ina cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Alborz (Karaj) ó 2017.<br>Is cúige é Alborz (Karaj) ina bhfuil mórléirsithe ar siúl ó mhí Mheán Fómhair 2022 a ndearna na póilíní foréigean iomarcach orthu. Bhí fórsaí slándála ag scaoileadh go minic go díreach ar agóideoirí síochánta, rud ba chúis le go leor básanna, leanaí san áireamh.<br>Mar cheann ar LEF i gcúige Alborz (Karaj), tá Abbas-Ali Mohammadian freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 126. | JAHANBAKHSH Rahim<br>جهانبخش رحیم | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: an ceann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige West Azerbaijan | Tá an Briogáidire-Ghinearál Rahim Jahanbakhsh ina cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige West Azerbaijan.<br>Is cúige é West Azerbaijan ina bhfuil mórléirsithe ar siúl ó mhí Mheán Fómhair 2022 a ndearna na póilíní foréigean iomarcach orthu.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 127. | SHEIKHNEJAD Hassan<br>شیخنژاد حسن | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: an ceann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine in Urumeh (dá ngairtear freisin Ouroumieh), príomhchathair chúige West Azerbaijan. | Tá an Coirnéal Hassan Sheikhnejad ina cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine in Urumeh, príomhchathair chúige West Azerbaijan.<br>In Urumeh, rinne fórsaí slándála na hIaráine sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine le linn agóidí 2022.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 128. | SAADATI Mahmoud<br>سعادتی محمود | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: an ceann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcathair Zahedan i gcúige Sistan agus Baluchestan | Is é an Coirnéal Mahmoud Saadati an ceann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcathair Zahedan i gcúige Sistan agus Baluchestan.<br>In Zahedan, rinne fórsaí slándála na hIaráine sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine le linn agóidí 2022.<br>Tá Mahmoud Saadati freagrach dá bhrí sin as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 129. | MIRZAI Morteza<br>میرزای مرتضا | Áit bhreithe: Khorram Abad, an Iaráin<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: an ceann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Mazandaran. | Tá an Briogáidire-Ghinearál Morteza Mirzai ina cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Mazandaran.<br>I gcúige Mazandaran, rinne fórsaí slándála na hIaráine sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine le linn agóidí 2022.<br>Tá Morteza Mirzai freagrach dá bhrí sin as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 130. | MALIKI Azizullah<br>عزیزالله ملکی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Ginearál<br>Feidhm: an ceann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Gilan | Tá an Ginearál Azizullah Maliki ina cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Gilan.<br>In 2022, stiúir Azizullah Maliki cniogbheartaíocht fhoréigneach i gcoinne na n-agóidí i gcúige Gilan. Bhí sé glórach sna meáin, agus chosain sé freagairt fhoréigneach na bhfórsaí slándála ar na hagóidí i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2022.<br>Mar cheann ar LEF i gcúige Gilan, tá Azizullah Maliki freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 131. | MORADI Ali-Reza<br>مرادی علی-رضا | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: an ceann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcathair Sanandaj | Tá Ali-Reza Moradi ina cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcathair Sanandaj i gcúige Kurdistan ó Nollaig 2018.<br>Ina cháil sin, tuairiscíonn Ali-Reza Moradi d'fhoireann ghinearálta na bhfórsaí armtha san Iaráin, go díreach faoi údarás an Cheannaire Uachtarach i bPoblacht Ioslamach na hIaráine.<br>Tá Moradi freagrach as ollghabháil agóideoirí agus d'ordaigh sé go n-úsáidfí airm mharfacha i gcoinne agóideoirí neamharmtha le linn agóidí ar fud na tíre i Sanandaj i mí na Samhna 2019, a raibh bás beirt agóideoirí ar a laghad mar thoradh orthu.<br>Tá cur síos déanta cheana féin ar na sáruithe follasacha tromchúiseacha ar chearta an duine atá déanta ag na fórsaí póilíneachta i Sanandaj, amhail lámhach neamh-idirdhealaitheach agóideoirí síochánta le harmlón beo, lena n-áirítear leanaí, ó cuireadh tús le hagóidí a bhain le bás Mahsa Amini, agus a thosaigh i lár mhí Mheán Fómhair 2022.<br>Mhol Moradi go poiblí freisin cur chuige fíordhian i leith daoine a ghlacann páirt sna léirsithe. Ó thús na léirsithe in 2022, tá an iliomad cosantóirí chearta an duine agus iriseoirí coinnithe go treallach ag fórsaí póilíneachta.<br>Tá Ali-Reza Moradi freagrach dá bhrí sin as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 132. | RAFIEI Enayatollah<br>رفیعی عنایاتوالله | Dáta breithe: 1970<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Captaen<br>Feidhm: ceannasaí an scuaid a ghabh Mahsa Amini | Tá an Captaen Enayatollah Rafiei ina bhall de na Póilíní Moráltachta (liostaithe ag an Aontas), ar póilíní reiligiúnacha Ioslamacha iad atá mar chuid de Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine. Tá sé ina cheannasaí ar an scuad a ghabh Mahsa Amini.<br>An 13 Meán Fómhair 2022, ghabh Rafiei agus triúr ball eile dá scuad Mahsa Amini, 22 bliana d'aois, go treallach in Tehran, agus iad ag maíomh go raibh an hijab á chaitheamh go míchuí aici. Ina dhiaidh sin, tógadh í chuig ceanncheathrú na bPóilíní Moráltachta le haghaidh "rang oideachais agus treoraíochta". De réir tuairiscí agus finnéithe iontaofa, buaileadh go brúidiúil í agus tugadh drochíde di agus í faoi choimeád, rud a d'fhág san ospidéal í agus bhásaigh sí dá bharr an 16 Meán Fómhair 2022. Ní hí an eachtra sin an t-aon eachtra amháin ina raibh iompar na bPóilíní Moráltachta drochídeach agus tá neart fianaise ann chuige sin.<br>Mar cheannasaí an scuaid, tá an Captaen Enayatollah Rafiei freagrach as bás Amini agus, dá bhrí sin, freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 133. | KHOSHNAMVAND Ali<br>خوشناموند علی | Dáta breithe: 1995<br>Áit bhreithe: Khoshnamvand, (Khushnamvand) sa Kouhdasht district de chúige Lorestan in western Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Sáirsint<br>Feidhm: Ball den scuad a ghabh Mahsa Amini | Tá an Sáirsint Ali Khoshnamvand ina bhall de na Póilíní Moráltachta (liostaithe ag an Aontas), ar póilíní reiligiúnacha Ioslamacha iad atá mar chuid de Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine. Tá sé ar dhuine de na hoifigigh sa scuad a ghabh Mahsa Amini.<br>An 13 Meán Fómhair 2022, ghabh Khoshnamvand agus triúr ball eile de scuad Mahsa Amini, 22 bliana d'aois, go treallach in Tehran, agus iad ag maíomh go raibh an hijab á chaitheamh go míchuí aici. Ina dhiaidh sin, tógadh í chuig ceanncheathrú na bPóilíní Moráltachta le haghaidh "rang oideachais agus treoraíochta". De réir tuairiscí agus finnéithe iontaofa, buaileadh go brúidiúil í agus tugadh drochíde di agus í faoi choimeád, rud a d'fhág san ospidéal í agus bhásaigh sí dá bharr an 16 Meán Fómhair 2022. Ní hí an eachtra sin an t-aon eachtra amháin ina raibh iompar na bPóilíní Moráltachta drochídeach agus tá neart fianaise ann chuige sin.<br>Mar dhuine de na hoifigigh a ghabh Amini, tá an Sáirsint Ali Khoshnamvand freagrach as bás Amini agus, dá bhrí sin, freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 134. | GHORBAN-HOSSEINI Fatemeh<br>قربان-حسینی فاطمه | Dáta breithe: 1995<br>Áit bhreithe: Teheran, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: baineann<br>Feidhm: Comhalta den scuad a ghabh Mahsa Amini | Tá Fatemeh Ghorban-Hosseini ina ball de na Póilíní Moráltachta (atá liostaithe ag an Aontas), ar póilíní reiligiúnacha Ioslamacha iad atá mar chuid de Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine. Tá sí ar dhuine de na hoifigigh sa scuad a ghabh Mahsa Amini.<br>An 13 Meán Fómhair 2022, ghabh Ghorban-Hosseini agus triúr ball eile de scuad Mahsa Amini, 22 bliana d'aois, go treallach in Tehran, agus iad ag maíomh go raibh an hijab á chaitheamh go míchuí aici. Ina dhiaidh sin, tógadh í chuig ceanncheathrú na bPóilíní Moráltachta le haghaidh "rang oideachais agus treoraíochta". De réir tuairiscí agus finnéithe iontaofa, buaileadh go brúidiúil í agus tugadh drochíde di agus í faoi choimeád, rud a d'fhág san ospidéal í agus bhásaigh sí dá bharr an 16 Meán Fómhair 2022. Ní hí an eachtra sin an t-aon eachtra amháin ina raibh iompar na bPóilíní Moráltachta drochídeach agus tá neart fianaise ann chuige sin.<br>Mar dhuine de na hoifigigh a ghabh Amini, tá Fatemeh Ghorban-Hosseini freagrach as bás Amini agus, dá bhrí sin, tá sí freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 135. | SAFARI Parastou<br>سفری پرستو | Dáta breithe: 1986<br>Áit bhreithe: Kermanshah, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: baineann<br>Feidhm: Comhalta den scuad a ghabh Mahsa Amini | Ball de na Póilíní Moráltachta is ea Parastou Safari (atá liostaithe ag an Aontas), ar póilíní reiligiúnacha Ioslamacha iad atá mar chuid de Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine. Tá sí ar dhuine de na hoifigigh sa scuad a ghabh Mahsa Amini.<br>An 13 Meán Fómhair 2022, ghabh Safari agus triúr ball eile de scuad Mahsa Amini, 22 bliana d'aois, go treallach in Tehran, agus iad ag maíomh go raibh an hijab á chaitheamh go míchuí aici. Ina dhiaidh sin, tógadh í chuig ceanncheathrú na bPóilíní Moráltachta le haghaidh "rang oideachais agus treoraíochta". De réir tuairiscí agus finnéithe iontaofa, buaileadh go brúidiúil í agus tugadh drochíde di agus í faoi choimeád, rud a d'fhág san ospidéal í agus bhásaigh sí dá bharr an 16 Meán Fómhair 2022. Ní hí an eachtra sin an t-aon eachtra amháin ina raibh iompar na bPóilíní Moráltachta drochídeach agus tá neart fianaise ann chuige sin.<br>Mar dhuine de na hoifigigh a ghabh Amini, tá Parastou Safari freagrach as bás Amini agus, dá bhrí sin, freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 ". |

Eintitis

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| “9. | The Basij Cooperative Foundation (dá ngairtear freisin Bonyad-eh Ta'avon-eh Basij)<br>بنیاد تعاون بسیج | Seoladh: Tehran, Iran<br>An cineál eintitis: Fondúireacht/Líonra Corparáideach<br>Eintitis chomhlachaithe eile: IRGC, Basij Resistance Force | Tá an Basij Cooperative Foundation (BCF) ar cheann de chleamhnaithe an Basij Resistance Force (liostaithe ag an Aontas).<br>Bunaíodh BCF in 1996 agus áirítear ar a mhisean tacaíocht a thabhairt do Basij agus é a chur chun cinn. Áirítear ar ghníomhaíochtaí BCF cistiú an Basij Resistance Force (liostaithe ag an Aontas).<br>Dá bhrí sin, tá baint ag BCF leis an Basij Resistance Force, eintiteas atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |
| 10. | Press TV<br>پرس تو | Seoladh: 4 East 2nd St., Farhang Blvd., Saadat Abad, 19977-66411 Tehran, Iran<br>Uimhir theileafóin: Teil: +98 21 230 66 660<br>Ríomhphost: Presstv@presstv.ir<br>An cineál eintitis: Craoltóir Teilifíse an Stáit | Tá Press TV freagrach as admhálacha éigeantacha ó choinneálaithe a léiriú agus a chraoladh, lena n-áirítear iriseoirí, gníomhaithe polaitiúla, daoine ar de ghrúpaí mionlaigh Choirdíneacha agus Arabacha iad, lena sáraítear cearta a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le triail chóir agus próis chuí a fháil.<br>Dá bhrí sin, tá Press TV freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 14.11.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 11. | Arvan Cloud (dá ngairtear freisin Abr Arvan, Noyan Abr Arvan Co., Arwan Company, Arvancloud)<br>آرون کلود | Seoladh: Zafar St. Africa Blvd., Tehran, Iran<br>An cineál eintitis: Cuideachta Phríobháideach<br>Eintitis chomhlachaithe eile: IRGC, Iranian Ministry of Information and Communications Technology | Is cuideachta TF Iaránach é Arvan Cloud a thacaíonn le hiarrachtaí rialtas na hIaráine rochtain ar inlíon na hIaráine a rialú. Ó 2020 i leith, tá sé ina chomhpháirtí tábhachtach i dtionscadal rialtas na hIaráine, go ginearálta, agus Aire Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide na hIaráine, go háirithe, leagan Iaránach ar leith den idirlíon a chur ar bun. Beidh inlíon náisiúnta den sórt sin a mbeadh pointí nasctha ag gabháil leis an idirlíon domhanda ina chuidiú leis an sreabhadh faisnéise idir inlíon na hIaráine agus an t-idirlíon domhanda a rialú.<br>Dá réir sin, tá Arvan Cloud páirteach i gcinsireacht agus in iarrachtaí rialtas na hIaráine an t-idirlíon a dhúnadh síos mar fhreagairt ar agóidí a rinneadh le déanaí san Iaráin. Tá baint ag Arvan Cloud freisin le daoine atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin, go háiritheAire Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide na hIaráine atá liostaithe ag an Aontas Eorpach. | 14.11.2022”. |